DUBLIN REGIONAL AUTHORITY

ÚDARÁS RÉIGIÚNDA ÁTHA CLIATH

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Údarás Reigiúnda Átha Cliath

Teachtaireacht An Chathaoirligh

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun buíochas a ghabháil le comhaltaí Údarás Réigiúnda Átha Cliath as ucht mé a thoghadh le bheith mar chathaoirleach ar an Údarás.

Dhírigh an tÚdarás isteach ar roinnt ceisteanna tábhachtacha i Réigiún Bhaile Átha Cliath i 2006, an ceann bá thábhachtaí acu ná an aighneacht don Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Le blianta anuas ba phríomh-thiománaí fáis é Réigiún Bhaile Átha Cliath d'eacnamaíocht na hÉireann agus tá sé mar fíor nód d'fhorbairt gheilleagrach dhomhanda. Cé go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh Éire a dícheall forbairt réigiúnach níos cothroime a bhaint amach, ní fhéadfar dearmad a dhéanamh go deo go bhfuil Baile Átha Cliath de dhíth ar Éire mar príomh-mhaighnéad chun infheistíochtaí faoi leith le luach ard a mhealladh atá ag teastáil má táimid le bheith rathúil agus chun timpeallacht a chur ar fáil ina mbeidh cuideachtaí den scoth in ann teacht chun cinn. Leag iarratas an Údaráis don Phlean Forbartha Náisiúnta amach fís straitéiseach de Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath agus rinneadh an cás gur cheart 50% de na hacmhainní iomlána sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2007-2013) a leithdháileadh ar an Réigiún seo.

Diríonn an straitéis atá beartaithe do Bhaile Átha Cliath ar comhdhlúthú an Réigiúin a chur chun cinn, úsáid éifeachtach an talaimh a mhéadú agus úsáid talún agus forfheidhmiú Iompar 21 a chomhtháthú. Ní hamháin gur fhéach iarratas an Údaráis ar riachtanais Réigiún Bhaile Átha Cliath a bhaint amach ach Réigiún an Láir-Oirthir máguaird agus go deimhin an t-oileánina iomlán de bharr tábhacht chriticiúil Bhaile Átha Cliath mar réigiún-Príomhchathrach.

Dhírigh an tÚdarás freisin ar bhainistíocht inbhuanaithe de Bhá Bhaile Átha Cliath. Tá caladh bisiúil i mBá Bhaile Átha Cliath a láimhseálann tréchur de 27m tonna, feidhmíonn sé ioncam de thart ar €62m in aghaidh na bliana agus fostaíonn sé os cionn 200 duine. Tá clubanna luamhaireachta leithleacha sa Bhá freisin agus tá sé mar láthair do gach cineál gníomhaíochtaí sóisialta agus spóirt, idir chlár sheoltóireacht, luamhaireacht, snámh agus iascaireacht chuig an gcaitheamh aimsire nach bhfuil an oiread sin aclaíochta ag baint leis, faire éan.

In ainneoin na ngníomhaíochtaí seo ar fad, níl aon chomhordú iomlán faoi láthair idir na húdaráis, gníomhaireachtaí Stáit, roinn Rialtais agus na heagraíochtaí ina n-airítear a saindualgas limistéar Bhá Bhaile Átha Cliath, agus mar sin, tá sé deacair faireachán a dhéanamh ar fhorbairt Bhá Bhaile Átha Cliath chun fáil amach an bhfuil sé á fhorbairt go dtí a chumas iomlán mar shócmhainn agus mar áis do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do chuairteoirí chuig an bPríomhchathair. Rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath cinneadh an tionscnamh a thógáil agus mhol sé Cumann Bá Bhaile Átha Cliath a chur ar bun ina n-áireofaí na leasa ar fad a bhaineann leis an mBá. Phléigh siad an togra seo agus d'aontaigh siad é tar éis sraith cruinnithe poiblí a chuir an tÚdarás ar siúl. Bhí an togra seo san áireamh inár n-aighneacht NDP mar príomhthionscadal.

An Comhairleoir Gerry Horkan, Cathaoirleach.

Chomhordaigh an tÚdarás freisin forbairt an tionscadail le haghaidh Raon Rothar agus Promanáid Chill Fhionntain go dtí Cuas an Ghainimh, agus nuair a bheidh sé críochnaithe spreagfaidh sé daoine chun siúl agus rothaíocht go dtí an obair agus le haghaidh aclaíochta, beidh sé mar díol spéise ag turasóirí agus cuirfidh sé íomhá breise de Bhaile Átha Cliath ar fáil; neartóidh sé inmharthanacht an líonra bealaigh rothaíochta agus cuirfidh sé saoráid fhoghlama shábháilte ar fáil; méadóidh sé an meas a bheidh ar Bhá Bhaile Átha Cliath - a chuid flóra agus fána agus cuideoidh sé go mór le fadhbanna plódaithe tráchta a réiteach.

Rinne an tÚdarás naisc thábhachtacha lena chontrapháirt i Limistéar Cathrach Bhéal Feirste chomh maith agus ghlac siad le Treoirphlean le haghaidh comhoibriú amach anseo. Is é seo an chéad chomhaontú foirmiúil dá leithéid idir an dá réigiún agus cuirfear chun cinn é i 2007.

Tá teorainn leis an méid cumhachta agus feidhmeanna atá ag Údarás Réigiúnda Átha Cliath, ach leanann sé ar aghaidh de bheith ina ghlór do limistéar Bhaile Átha Cliath agus glacaim buíochas le mo Chomhchomhairleoirí as ucht a gcuid oibre agus a dtiomantas i rith mo chuid ama mar chathaoirleach.

Gerry Horkan

An Comhairleoir Gerry Horkan,
An Cathaoirleach

CLÁR ÁBHAIR

Forbairt Inbhuanaith na Todhchaí de Bhá Bhaile Átha Cliath 2

Tionscadal Comhoibrithe Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste 3

Plean Forbartha Náisiúnta 2007 - 2013 - Aighneacht Bhaile Átha Cliath 4

Clár Oibriúcháin Réigiúnda an Deiscirt agus an Oirthir 2007 - 2013 - Aighneacht Bhaile Átha Cliath 5

Fóram ar Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (ICT) 6

Bealach Rothaíochta agus Promanáid Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh (S2S) 7

Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 8

Toscaireacht na Héireann ar Choiste na Réigiún 9

Oifig Réigiún na Héireann 12

Ballraíocht Údarás Réigiúnda Átha Cliath 13

Comhdhálacha ar a Freastalaíodh 2006 14

Ráiteas na Gcuntas don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31ú Nollaig 2006 16

FORBAIRT INBHUANAITH NA TODHCHAÍ DE BHÁ BHAILE ÁTHA CLIATH

Is sócmhainn uathúil é Bá Bhaile Átha Cliath don chathair agus don réigiún. Ní raibh aon chomhoibriú iomlán go dáta áfach idir na iliomad gníomhaireachtaí Stáit, Ranna agus eagraíochtaí ina n-airítear a gcuid saindualgais limistéar Bá Bhaile Átha Cliath. Mar gheall ar sin, ní raibh Bá Bhaile Átha Cliath forbartha go dtí a chumas mar shócmhainn agus mar áis do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus ní raibh dóthain imní faoi thimpeallacht uathúil an Bhá curtha san áireamh.

In aghaidh an chúlra seo, rinne Údarás Réigiúnda Bhaile Átha Cliath cinneadh i Deireadh Fómhair 2005 chun an tsuim a bhí i mbunú fóraim díospóireachta a mheas maidir le todhchaí Bá Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh iarratas ar aighneachtaí sna nuachtáin náisiúnta i Samhain agus fuarthas aon aighneacht déag ó dhreamanna a raibh suim acu sa scéal.

In Eanáir 2006 de bhun an méid a facthas mar thoradh an-deimhneach go ginearálta, rinne an DRA cinneadh sraith de thrí chruinniú poiblí a chur ar siúl lena gheallsealbhóirí chun labhairt faoin moladh go mbunófaí comhlacht chun tionscadal Bá Bhaile Átha Cliath a stiúradh.

Bhí trí chruinniú poiblí ar siúl idir Feabhra agus Márta 2006 chun labhairt faoin togra go mbunófar comhlacht chun tionscadal Bá Bhaile Átha Cliath a stiúradh. Thionóil an DRA na cruinnithe, bhí Cyril Forbes mar chathaoirleach agus d'éascaigh A&L Goodbody Consulting iad. Ba é aidhm na gcruinnithe ná éisteacht leis an méid a bhí le rá ag na geallshealbhóirí. Glacadh d'aon toil le tairiscint ag an gcéad chruinniú chun Cumann Bá Bhaile Átha Cliath (DBA) a bhunú (DBA), faoi choimirce an DRA. Stiúradh gach cruinniú ar bhealach oscailte agus rinneadh gach iarracht chun a chinntiú go tugadh deis labhartha do na geallshealbhóirí.

Seo a leanas na príomh-chinntí a rinneadh ag na cruinnithe poiblí;

1. tDBA a bhunú;
2. gurb é a chéad tasc ná téarmaí tagartha phríomhphlean an Bhá a aontú;
3. tgo bhfaigheadh an DRA maoiniú ón Rialtas do thionscadal an DBA;
4. go mbunófaí Comhairle ionadaíochta leis an tasc tosaigh an príomhchleachtadh pleanála a bhainistiú ag déanamh cinnte go bhfuil sé déanta ar bhunús cuimsitheach; agus ar deireadh
5. go mbeadh clúdach geografach an DBA ó Bhinn Éadair go dtí Deilginis agus Abhainn na Life chomh fada le Droichead an East Link.

D'aontaigh an DRA ag a chruinniú ar 21 ú Márta go mbeadh an DBA bunaithe le comhaltaí ina n-áirítear ionadaithe na ngeallshealbhóirí a d'fhreastail ar na cruinnithe poiblí agus grúpaí ábhartha eile. Bhí comhaontú ann gur príomhphlean de Bhá Bhaile Átha Cliath an bealach is fearr chun tionscadal an DBA a chur chun cinn. Tá sé riachtanach go mbeidh maoiniú ar fáil chun tionscadal an DBA a acmhainniú. Is é an tosaíocht láithreach ná an príomhphlean atá beartaithe a mhaoiniú ag costas measta €1 milliún. Bhí tionscnamh DBA rangaithe mar Phríomhphlean in aighneacht an DRA chuig an Rialtas ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007 - 2013.

TIONSCADAL COMHOIBRITHE BHAILE ÁTHA CLIATH - BHÉAL FEIRSTE

Chas Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus Chathair Bhéal Feirste ar 23ú Feabhra 2006 chun labhairt faoin bhféideartha le haghaidh comhoibriú idir an dá réigiún D'fhreastail polaiteoirí agus oifigigh as an dá réigiún ar an gcéad chruinniú agus tháinig siad ar chomhaontú i bprionsabal go raibh fíor-mhian ann le haghaidh comhoibriú idir an dá limistéar cathrach le féidearthacht gné Albanach a chur san áireamh i dtéarmaí gníomhaíochtaí comhoibrithe amach anseo.

Réitigh Comhpháirtíocht Comet INTERREG agus Údarás Réigiúnda Átha Cliathtuarascáil dar teideal "A Blueprint for Future Joint Co-operation" in Iúil 2006. Tugann an tuarascáil seo breac-chuntas ar thábhacht Limistéir Chathrach Bhéal Feirste agus Bhaile Átha Cliath mar thiománaithe eacnamaíoch i mbaint amach spriocanna an Lisbon Agenda agus chun eacnamaíocht bhisiúil a chruthú ar oileán na hÉireann.

Tugann an tuarascáil breac-chuntas ar naisc reatha idir an dá Limistéar Cathrach agus molann sé bealaí chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar na naisc seo. Téann sé ar aghaidh ansin agus scrúdaíonn sé gné thábhachtach na nasc Thoir-Thiar agus forbairt comhoibriú níos dlúithe le Limistéar Cathrach Ghlaschú ag úsáid deiseanna atá curtha ar fáil ag na Cláir Comhoibrithe Críche.

Úsáidfidh an dá réigiún an tuarascáil seo chun stocaireacht ar Rialtas na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, Comhlacht na gClár Speisialta AE, an Coimisiún Eorpach, comhlachtaí ábhartha chun cinntiú go bhfuil na hacmhainní ar fáil le haghaidh comh-chomhoibriú tríd meicníochtaí AE, Náisiúnta nó meicníochtaí maoinithe eile.

PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007 - 2013 - AIGHNEACHT BHAILE ÁTHA CLIATH

Rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath aighneacht ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007 - 2013 (NDP) ar son Réigiún Bhaile Átha Cliath i Márta 2006. Leag an t-iarratas amach fís straitéiseach de Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath agus rinne sé an cás gur cheart 50% de na hacmhainní iomlána sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2007 - 2013) a leithdháileadh ar an Réigiún seo.

Tá Treoirlínte Pleanála Réigiúnach le haghaidh Mórcheantar Bhaile Átha Cliath in áit cheana féin agus cuireann siad ar fáil cuid mhaith den chomhthéacs le haghaidh straitéisí Rialtais leithleacha, Iompar 21 mar shampla, agus cuireann na himchlúdaigh caipitil ilbhliantúla treoir pholasaí agus acmhainní buiséid ar fáil (don chéad chuid den NDP ar a laghad).

Bhí bunriachtanais le fáil san aighneacht a chuidíonn leis an gcás go dteastaíonn leithdháileadh airgeadais shuntasach ó Réigiún Bhaile Átha Cliath faoin NDP. Má leanann an eacnamaíoch ar aghaidh ag fás ag teacht leis an ESRI agus réamhaisnéisí eile, agus má thagann méadú mór ar an daonra rud atá réamh-mheasta beidh leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun tabhairt faoi easnaimh reatha san eacnamaíocht agus bonneagar sóisialta an mhór go deo.

Lean an aighneacht ag rá nach raibh Réigiún Bhaile Átha Cliath bog ar chor ar bith faoina staid iomaíoch. Tá an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh sa Réigiún ró-ard agus mar thoradh air sin caithfidh an NDP mar thosaíocht díriú ar bhearta a fheabhsaíonn staid iomaíoch an réigiúin.

Tá cuimsiú sóisialta fós mar phríomhcheist i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Mar sin rinne an aighneacht an cás ba láidre a d'fhéadfaí don Rialtas chun sraith comhtháite de bhearta dírithe níos fearr chun díriú ar dhaoine imeallaithe agus daoine faoi mhíchumas i Réigiún-Cathrach le saibhreas mór a acmhainniú.

Léirigh an aighneacht chomh maith go raibh cuid mhór d'aschur na heacnamaíochta náisiúnta leagtha amach ar an tuiscint go bhfuil dóthain bonneagair ag Réigiún Bhaile Átha Cliath, mar shampla bonneagar iompair phoiblí, oideachas agus bonneagar sláinte, s.rl. Mar sin baineann an eacnamaíocht náisiúnta tairbhe go díreach as infheistíocht i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Dá bhrí sin mhol an aighneacht gur cheart go bhfaigheadh Réigiún Bhaile Átha Cliath leithdháileadh faoin NDP a bheadh beagán níos mó ná an méid a gheobhadh an chuid eile den tír.

Freisin rinne an aighneacht "An cás le haghaidh Bhaile Átha Cliath' agus léirigh sé go dteastaíonn straitéis chomhtháite do Réigiún Bhaile Átha Cliath a léiríonn staid uathúil an Réigiúin agus an cúnamh a thugann sé d'eacnamaíocht na hÉireann Mar sin bhí aidhm dúbailte ag aighneacht Údarás Réigiúnda Átha Cliath agus é ag iarraidh tionchar a oibriú ar an NDP, ach bhí sé chomh tábhachtach céanna straitéis iomlán Réigiún Bhaile Átha Cliath a sainmhíniú ina hiomlán agus na infheistíochtaí poiblí tosaíochta atá ag teastáil chun an Réigiún a choinneáil mar -

Cathair agus Réigiún Eolais

Réigiún a Oibríonn

Mórchathair agus Mór-Réigiún Eorpach

Réigiún Ardiomaíoch

CLÁR OIBRIÚCHÁIN RÉIGIÚNDA AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR 2007 - 2013 - AIGHNEACHT BHAILE ÁTHA CLIATH

Thosaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ullmhúchán ar Chlár Oibriúcháin do Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir (NUTS II) i 2006 a chlúdaíonn an tréimhse 2007 - 2013. Ní bheidh ach bearta áirithe le fáil sa Chlár nua atá comh-mhaoinithe ag Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) agus comhoiriúnaithe ag acmhainní poiblí na hÉireann. Ni bheidh an Réigiún cáilithe mar Réigiún Chuspóir 1 níos mó, beidh sé cáilithe faoi Chuspóir 2 anois, Cuspóir Fostaíochta agus Iomaíochas Réigiúnach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an réimse agus an cineál bearta a d'fhéadfadh a bheith i gceist i bhfad níos gonta agus níos dírithe ar Cláir Oibre Liospóin agus Gothenburg.

Chuir Údarás Réigiúnda Átha Cliath aighneacht go dtí Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir in Aibreán 2006. Léirigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath na príomhthosaíochtaí do Réigiún Bhaile Átha Cliath sa Chlár Oibriúcháin do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (2007 - 2013) a bheidh ann amach anseo laistigh den aighneacht dona gníomhaíochtaí lena áirítear –

1. Forbairt UIRBEACH Inbhuanaithe
2. Nuálaíocht agus Eacnamaíocht an Eolais
3. An Comhshaoil agus Cosc ar Rioscaí
4. Rochtain ar Sheirbhisí Iompair agus Teileachumarsáide
5. Comhoibriú Trasteorann

Ghlac an aighneacht seo Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath san áireamh agus labhair sé faoina Pleananna Corparáideacha agus Forbartha a d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas, Comhairlí Contae Fhine Gall agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

FÓRAM AR THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS AGUS NA CUMARSÁIDE (ICT)

Thionóil Údarás Réigiúnda Átha Cliath Fóram Díospóireachta ICT in Iúil 2006 in iarracht ceannaireacht atá ag teastáil go géar a chur ar fáil laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath chun an próiseas fada ar fís eacnamaíochta eolas bhunaithe a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath. Tháinig bunús na díospóireachta seo ón dá thuarascáil seo a leanas nuair a chuirtear le cheile iad a chuireann siad léargas soiléir ar fáil de riachtanais Réigiún Bhaile Átha Cliath i limistéar an ICT agus forbairt Bhaile Átha Cliath isteach in eacnamaíocht eolas bhunaithe –

1 Tuarascáil Údarás Réigiúnda Átha Cliath dar teideal *Bonneagar ICT agus a úsáid i Réigiún Bhaile Átha Cliath.*

2 Tuarascáil le Comhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath in éineacht le hÚdarás Réigiúnda Bhaile Átha Cliath agus na cheithre Chomhairle Cathrach agus Contae dar teideal *Digital Divide*.

D'aontaigh an Fóram Díospóireachta gur cheart do Fhóram ICT tabhairt faoi na ceisteanna seo a leanas:-

1. Céard é úsáid reatha an ICT i Réigiún Bhaile Átha Cliath?
2. Conas is féidir rochtain, feasacht agus fios gnó a fheabhsú laistigh den phobal i gcoitinne chomh maith le laistigh den earnáil ghnó?
3. Céard iad riachtanais an phobail i gcoitinne maidir leis an ICT?
4. Conas is féidir SMEanna a spreagadh níos faide chun an ICT a úsáid mar chuid dá gcuid gníomhaíochtaí príomh-shruthaithe?
5. Cad iad na modhanna is féidir a úsáid chun tuiscint fhorleathan agus úsáid i measc úsáideoirí deiridh a chinntiú?

Aontaíodh go dtabharfaí an Fóram le chéile le dul chun cinn i 2007.

BEALACH ROTHAÍOCHTA AGUS PROMANÁID CHILL FHIONNTAIN GO CUAS AN GHAINIMH (S2S)

Réamhrá.

Tá togra S25 le ceangal suas le codanna éagsúla den phromanáid agus bealach rothaíochta atá ann cheana féin chun promanáid agus bealach rothaíochta leanúnach a chruthú timpeall Bá Bhaile Átha Cliath. Beidh an bealach críochnaithe 22km i bhfad. Ta timpeall 14.5km ann cheana féin agus cé gur féidir feabhsúcháin agus nuachóirithe a dhéanamh ar chuid de na láithreacha, freastalaíonn an bealach láithreach ar an bhfeidhm riachtanach. Teastaíonn timpeall 7.5km chun an bealach a chríochnú. Tá leath de na codanna atá le tógáil i limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tá an leath eile i limistéar Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire Ráth na Dúin.

Comhlíonfaidh an togra S25 ó cheann go ceann roinnt róil éagsúla agus tugann sé tacaíocht do chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí. Tá sé beartaithe ag an tionscadal críochnaithe saoráid mhór iompair, caitheamh aimsire agus fóillíochta a chur ar fáil atá inrochtana go héasca do na haoisghrúpaí ar fad leis an gcumas a bheith mar áis shuntasach agus díol spéise do thurasóirí laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath go speisialta mar gheall go dtugann an bealach rochtain nach bhfuil comhthreomhair chuig Bá Bhaile Átha Cliath. Ceapann go leor daoine gurb é an tionscnamh is mó é a bhfuil deis aige athrú módúlachta a bhaint amach ó charranna go dtí rothaíocht ag cur sbealach rothaíochta saor ó thrácht ar fáil ó na bruachbhailte go dtí lár na cathrach. Is dóigh go mbeidh sé ar an bpromanáid cladaigh uirbeach is faide san Eoraip nuair a bheidh sé críochnaithe.

Pleananna Forbartha

Tugann limistéir na nÚdarás Áitiúil ar fad ina dtéann an bealach tríd tacaíocht do chomhlánú an bhealaigh atá beartaithe. Áirítear mar chuspóir é i bpleananna forbartha reatha Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath, Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire Ráth na Dúin; Príomhphlean Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Átha Cliath agus Clár i dtreo Athrú um Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath.

Réamhdhearadh agus Staidéar Comhshaoil

Le cúnamh airgeadais ó Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath agus trí údaráis áitiúla agus ag oibriú faoi choimirce Údarás Réigiúnda Átha Cliath coimisiúnadh tuarascáil comhshaoil agus réamhdhearaidh ó chomhairleoirí seachtracha (WSP) atá críochnaithe anois agus glactha ag an Údarás Réigiúnda Átha Cliath ó Bhealtaine 2006. Léirigh an tuarascáil chríochnaithe an bealach optamach agus an cur chuige dearaidh iomlán do gach earnáil, chomh maith leis na saincheisteanna comhshaoil a dteastaíonn díriú orthu.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Ba é an Taoiseach, An tUasal Bertie Ahern agus an tUasal Dick Roche, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a lainseáil tionscadal S25 go foirmiúil i Meán Fómhair 2006. Tá forfheidhmiú tionscadal S25 á láimhseáil ag na húdaráis áitiúla anois.

ATHBHREITHNIÚ AR AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM ATHRÚ AERÁIDE

Lainseáil an tUas. Dick Roche, T.D., Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide in Iúil 2006.

Leagann an tuarascáil ar athbhreithniú na Straitéise, Bealach na hÉireann chuig Comhlíonadh Kyoto, amach cur chuige iomlán na hÉireann chun a sprioc Kyoto a bhaint amach agus measann sé dul chun cinn na hÉireann ó 2000 agus léiríonn sé roghanna le haghaidh bearta breise chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Aighneacht Údarás Réigiúnda Bhaile Átha Cliath

Tar éis labhairt faoi ábhair Pháipéar Comhairliúcháin an Aire Roche chuir Údarás Réigiúnda Átha Cliath isteach moltaí a chuid comhaltaí chun iad a mheas mar chuid den Athbhreithniú ar Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide na hÉireann.

Mheas Údarás Réigiúnda Átha Cliath gur cheart go mbeadh aird ag athbhreithniú Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide na hÉireann ar na trí threoirphrionsabail seo a leanas -

A. Tá athrú aeráide aitheanta ag saineolaithe slándála, príomh-árachóirí idirnáisiúnta, eolaithe, éiceolaithe agus air-geadaithe, mar an bhagairt shlándála is mó a bhí os comhair daoine riamh agus níl aon rud sa stair chun go féidir linn breathnú air - tá ár slí mhaireachtála agus ar gcáilíocht beatha i mbaol.

B. Chun athrú aeráide a mheas caithfidh muid admháil go bhfuil athrú aeráide atá spreagtha ag daoine ag tarlú agus go bhfuil éifeacht aige orainn, mar sin, caithfidh muid -

- Seachain gníomhaíochtaí a tháirgeann nó a mhéadaíonn astuithe gáis cheaptha teasa;
- An cúnamh a thugann muid d'astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú;
- Dul in oiriúint do athrú aeráide nach féidir a sheachaint trí rioscaí a bhainistiú agus gníomhaíochtaí luath a thógáil a laghdóidh costais don tsochaí sa todhchaí, ach a gcuid cáilíocht beatha a chothabháil agus eacnamaíocht láidir a spreagadh.

C. Tá ár gcomhshaol, ár eacnamaíocht agus ár sochaí idirspleách agus ba cheart go n-aithneodh muid an riachtanas chun maireachtáil laistigh de theorainneacha comhshaoil.

Rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath moltaí freisin maidir le:-

– Fuinneamh

– Iompar

– Dramhaíl

– Comhshaol

TOSCAIREACHT NA HÉIREANN AR CHOISTE NA RÉIGIÚN

Is comhlacht AE é Coiste na Réigiún (CoR) a léiríonn tuairimí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ó thaobh polasaí agus próisis reachtaíochta an AE a fhoirmiú. Tá sé comhdhéanta as 317 chomhalta tofa as an AE 25, tá Toscaireacht na hÉireann comhdhéanta 'de 9 gcomhalta iomlán 'le cúltaca de 9 gcomhalta ailtéarnach. Is é Údarás Réigiúnda Átha Cliath an rúnaíocht cheaptha atá ag Toscaireacht na hÉireann leis an Stiúrthóir Patricia Potter Uasal, mar rúnaí ag an Toscaireacht.

Mandáid Choiste na Réigiún 2006 - 2010

In Eanáir 2006, d'ainmnigh an Rialtas comhaltaí na hÉireann don cheathrú téarma den CoR le haghaidh mandáid cheithre bliana 2006-2010, mar seo a leanas;

Comhaltaí Iomlána

An Comhairleoir Seamus Murray (Comhairle Cho. na Mí agus Ú.R Thoir-Láir) Cathaoirleach

An Comhairleoir Maria Corrigan (Comhairle Cho. Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus Ú.R. Átha Cliath)

An Comhairleoir Cathal Crowe (Comhairle Cho. an Chláir agus Ú.R. Thiar-Láir)

An Comhairleoir Michael Fitzgerald (Comhairle Cho. Thiobraid Árann Theas agus Ú.R. an Oirdheiscirt)

An Comhairleoir Connie Hanniffy (Comhairle Cho. Uíbh Fhailí agus Ú.R. Lártíre)

An Comhairleoir Denis Landy (Comhairle Cho. Thiobraid Árann Theas agus Ú.R. an Oirdheiscirt)

An Comhairleoir Declan McDonnell (Comhairle Chathrach na Gaillimhe agus Ú.R. an Iarthair)

An Comhairleoir Patrick McGowan (Comhairle Cho. Dhún na nGall agus Ú.R. na Teorann)

An Comhairleoir Paul O'Donoghue (Comhairle Cho. Chiarraí agus Ú.R. an Iardheiscirt)

Comhaltaí Ailtéarnacha

An Comhairleoir Terry Brennan (Comhairle Cho. Lú & Ú.R. na Teorann)

An Comhairleoir Veronica Cawley (Comhairle Cho. Shlighigh & Ú.R. na Teorann)

An Comhairleoir Peter Coyle (Comhairle Cho. Fhine Gall)

An Comhairleoir Pat Doran (Comhairle Cho. Chill Mhantáin)

An Comhairleoir Michelle Mulherin (Comhairle Cho. Mhaigh Eo)

An Comhairleoir John Pender (Comhairle Cho. Cheatharlach & Ú.R. an Oirdheiscirt)

An Comhairleoir Noreen Ryan (Comhairle Cho. Luimnigh)

An Comhairleoir Mary Shields (Comhairle Cho. Chorcaí)

An Comhairleoir Barney Steele (Comhairle Cho. an Longfoirt)

TOSCAIREACHT NA HÉIREANN

Seisiún Iomlánach Tionscnaimh Feabhra 2006

Toghadh an tUas. Michel Delebarre (FR/PES) mar Uachtarán 2006-2008 ag an seisiún iomlánach tionscnaimh agus toghadh an tUas. Luc Van den Brande (BE/EPP) mar an 1ú Leas-Uachtarán. Táthar ag súil go ndéanfar aisiompú ar na poist seo le haghaidh 2008-2010.

Toghadh an Comhairleoir Maria Corrigan mar Uachtarán ar an nGrúpa Polaitíochta UEN-EA agus toghadh comhalta den Bhiúró feidhmeannach freisin; toghadh an Comhairleoir Seamus Murray mar Leas-Uachtarán agus ar an gCoiste agus toghadh freisin ar an mBiúró é; toghadh an Comhairleoir Connie Hanniffy mar an 1ú Leas-Uachtarán ar Choimisiún ECOS.

Toscaireacht na hÉireann

Oibríonn comhaltaí na hÉireann le chéile ar fud línte na bpáirtithe lena chinntiú go gcuirtear tuairimíocht réigiúnach na hÉireann chun cinn laistigh den CoR. Buaileann comhaltaí na hÉireann os comhair seisiúin iomlánacha chun comhstaideanna a fhorbairt agus a aontú, chun saincheisteanna a bhíonn ar chlár oibre an Bhiúró agus an chruinnithe Iomlánaigh a phlé agus leasuithe a mholadh ar thuairim lena chinntiú go nglactar peirspictíocht na hÉireann san áireamh i bhfreagra an CoR ar aon saincheist.

Ag obair tríd an RCORA, chuir an Toscaireacht teagmhálacha ar bun le Ranna in Éirinn agus le HIonadaíocht Bhuan na hÉireann sa Bhruiséil lena chinntiú go gcuirtear comhaltaí ar an eolas maidir le príomh-cheisteanna beartais an AE. San Aibreán, chas an Toscaireacht le Leas-Ambasadóir an AE agus i Meitheamh leis an gComhairleoir Comhshaoil. Ba iad clár oibre an Choimisiúin do 2007 agus an díospóireacht ar Thodhchaí na hEorpa na téamaí nuair a chas an Toscaireacht leis an Uasal Bobby McDonagh, Ambasadóir na hÉireann chun an AE le linn na bliana.

Tá comhaontú comhoibrithe ar bun idir comhaltaí CoR na hÉireann agus Cumann Réigiún na hÉireann (AIR) a d'éascaigh ionchur na n-údarás/dtionól réigiúnach maidir le hobair na gcomhaltaí Éireannach de bhrí go scaiptear gach dréacht thuairim ar na Stiúrthóirí chun iad a mheas roimh sheisiúin iomlánacha Choiste na Réigiún. Bíonn cruinnithe leath bhliantúil níos straitéisí ar bun freisin de na comhaltaí iomlána agus ailtéarnacha as Éirinn agus tugtar cuireadh do Stiúrthóirí agus do Chathaoirligh na n-údarás agus na tionólacha réigiúnach chuig na cruinnithe sin.

Leis an mandáid nua agus ionchur na gcomhaltaí nua ar Choiste na Réigiún, tionóladh Lá Oiliúna/Eolais le comhaltaí CoR agus AIR i Meitheamh gar do Bhaile Átha Luain maidir le cinnteoireacht san AE agus an tionchar a bhíonn aige sin ar Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha. Mheas na rannpháirtithe go léir go raibh an ócáid an-áisiúil.

Buaicphointí an Choiste agus Chomhaltaí na hÉireann i 2006

I measc na 40 tuairimí a ghlac an Coiste bhí siad seo a leanas:

Beartas SME um Fhás agus Fostaíocht – Rapóirtéir an Comhairleoir Connie Hanniffy Straitéis Creatlaí don Dátheangachas – Rapóirtéir an Comhairleoir Seamus Murray

Freagra na Toscaireachta ar Pháipéar Bán an AE ar Bheartas Cumarsáide

Ionadaíocht ag an Toscaireacht ar Philéar Breathnadóireachta Speisialta an Fhóraim Náisiúnta ar an Eoraip

Comhpháirtí toscaireachta i dtástáil an CoR ar Choimhdeacht Monatóireachta

Rannpháirtíocht sna hócáidí Laethanta Oscailte arna stiúradh ag Oifig na Réigiún Éireannach

Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi obair an CoR agus Thoscaireacht na hÉireann trí dhul i dteagmháil le Údarás Réigiúnda Átha Cliath nó trí fhéachaint ar láithreán gréasáin na Toscaireachta ag www.iro.ie/delegation nó trí chuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin an CoR ag www.cor.eu.int

OIFIG RÉIGIÚN NA HÉIREANN

Soláthraíonn Oifig Réigiún na hÉireann a bunaíodh sa Bhruiséil i 2000 mar acmhainn do chomhaltaí na hÉireann de Choiste na Réigiún agus do na húdaráis réigiúnacha raon seirbhísí eolais AE agus tacaíochtaí beartais agus tionscadail do chomhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn.

Rinne an IRO comhdhlúthú ar na seirbhísí a sheachadann sé i 2006. Mar chuid dá seirbhís eolais chuir sé 11 Ráiteas Nuachta AE míosúla le chéile, raon de chruinnithe eolais beartais agus seirbhís gréasán bhuanithe níos fearr. Chuidigh sé go díreach le linn 2006 le rannpháirtíocht 18 d'údaráis áitiúla/réigiúnacha i dtionscadail atá maoinithe ag an AE agus chuidigh sé le sé cinn d'údaráis eile ó thaobh comhpháirtithe a aithint do tionscadail le tacaíocht ón AE. Agus í ag forbairt a róil ionadaíochta, d'éascaigh an IRO roinnt cuairteanna staidéir chuig an mBruiséil, chas sí le grúpaí as réigiúin eile san Eoraip, bhí sí rannpháirteach i líonraí bunaithe sa Bhruiséil, d'éascaigh sí teagmhálacha idir-réigiúnacha agus chuir sí chun cinn an obair a bhaineann leis an AE atá ar bun ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn. Ina ról tacaíocht do chomhaltaí CoR, rinne an IRO forbairt bhreise ar an tseirbhís eolais a fhaigheann comhaltaí, go speisialta trí theagmhálacha agus chruinnithe níos fearr le hIonadaíocht Bhuan na hÉireann chun an AE.

BALLRAÍOCHT ÚDARÁS RÉIGIÚNDA ÁTHA CLIATH

Is ceann de Ocht (8) gcinn de Údaráis Réigiúnacha é Údarás Réigiúnda Átha Cliath a bunaíodh i 1994 faoi Ordú Bunaithe Acht Rialtais Áitiúil 1991 (Údaráis Réigiúnacha) 1993.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:-

- Comhordú, comhoibriú agus comhghníomh a chur chun cinn i measc seirbhísí poiblí agus údaráis áitiúla;
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (An tAcht um P&F 2000) a ullmhú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais agus ar cheangaltais forbartha an réigiúin trí chéile;
- Pleananna Forbartha na n-údarás áitiúil a athbhreithniú;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar dhul chun cinn an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Chistí AE.

Ballraíocht Údarás Réigiúnda Átha Cliath

Tá Údarás Réigiúnda Átha Cliath comhdhéanta de Bhord de 30 ionadaí tofa ainmnithe ó na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath agus ag feidhmiú laistigh den réigiún.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 14 members	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 5 members	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 6 members	Comhairle Chontae Fhine Gall 5 members
An Comhairleoir Maurice Ahern (Fianna Fáil)	An Comhairleoir Márie Árdagh (Fianna Fáil)	An Comhairleoir Nessa Childers (An Comhaontas Glas)	An Comhairleoir Peggy Hamill (An Lucht Oibre)
An Comhairleoir Tom Brabazon (Fianna Fáil)	An Comhairleoir Mark Daly (Sinn Féin)	An Comhairleoir Pat Hand (Fine Gael)	An Comhairleoir May McKeon (Neamhspleách)
An Comhairleoir Christy Burke (Sinn Féin)	An Comhairleoir Stanley Laing (Fine Gael)	An Comhairleoir Gerry Horkan (Fianna Fáil)	An Comhairleoir Michael O'Donovan (An Lucht Oibre)
An Comhairleoir Catherine Byrne (Fine Gael)	An Comhairleoir Tony McDermott (An Comhaontas Glas)	An Comhairleoir Eugene Regan (Fine Gael)	An Comhairleoir Margaret Richardson (Fianna Fáil)
An Comhairleoir Eibhlin Byrne (Fianna Fáil)	An Comhairleoir Colm Tyndall (An Páirtí Daonlathach).	An Comhairleoir Lettie McCarthy (An Lucht Oibre)	An Comhairleoir Leo Varadkar (Fine Gael).
An Comhairleoir Anne Carter (An Lucht Oibre)		An Comhairleoir Maria Corrigan (Fianna Fáil).	
An Comhairleoir Dessie Ellis (Sinn Féin)			
An Comhairleoir Mary Freehill (An Lucht Oibre)			
An Comhairleoir Dermot Lacey (An Lucht Oibre)			
An Comhairleoir Vincent Jackson (Pobal)			
An Comhairleoir Bronwen Maher (An Comhaontas Glas)			
An Comhairleoir Wendy Hederman (An Páirtí Daonlathach)			
An Comhairleoir Brian Gillen (Fine Gael)			
An Comhairleoir Andrew O'Connell (Sinn Féin)			
Comhalta Ex-Officio: Ard-Mhéara Chathair Átha Cliath.			

Tá an Bord tacaithe agus cuidithe ag –

- Coiste Oibriúcháin, déanta suas de phríomhfheidhmeannaigh ó ghníomhaireachtaí na seirbhíse poiblí agus
- Coiste Oibriúcháin AE ag cuimsiú gníomhaireachtaí Stáit, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí chun saincheisteanna AE a phlé.

COMHDHÁLACHA AR A FREASTALAÍODH 2006

Bhí an tÚdarás Réigiúnda ionadaithe ag na Comhdhálacha/Seimineáir seo a leanas le linn 2006			
Teideal	**Dáta 2006**	**Láthair**	**Freastalaithe Ag**
The Future of Local Authorities	18ú/19ú Bealtaine	Cathair na Mart	Cllr. M. Ahearne
Comhdháil Bhliantúil Údarás Réigiúnach an Iarthair-Láir	16ú/17ú Feabhra	Inis	Cllrs. G. Horkan, M. Richardson, M. McKeon
Sléacht ar ár mBóithre – Cad is féidir linn a dhéanamh?	22ú – 24ú Márta	Cill Rois	Cllr. G. Horkan
Seimineár Earraigh an A.M.A.I.	10ú/11ú Feabhra	Leitir Ceanainn	Cllrs. C. Burke, D. Ellis, P. Hamill
Cumann na gComhairlí Contae & Cathrach	9ú – 11ú Márta	Dún Dealgan	Cllr. Bronwen Maher
LAMA	20ú/21ú Aibreán	Cill Chainnigh	Cllr. Vincent Jackson
LAMA	110ú/11ú Samhain	An tInbhear Mór	Cllr. Máire Árdagh
Cumainn Tráchtála na hÉireann – Forbairt Eacnamaíoch Áitiúil	20ú Meán Fómhair	Luimneach	Cllr. Evelyn Byrne
Cumainn Tráchtála na hÉireann	23ú Meitheamh	An Muileann gCearr	Cllrs. G. Horkan, C. Keane
Comóradh an Bhlascaoid Mhóir	13ú - 15ú Deireadh Fómhair	Ionad an Bhlascaoid	Cllr. G. Horkan
ETowns	14ú/15ú Samhain	Sráid na Cathrach	Cllr. G. Horkan
Cosc ar Féinmharú	30úSamh./1ú Noll.	Sligeach	Cllrs. G. Horkan, A. Devitt
Comhdháil Bhliantúil Chomhthionól BMW	8ú Meitheamh	Baile an Locha	Cllr. D. Lacey
Fuinneamh ó Dhramhaíl	19ú Meán Fómhair	Baile Átha Cliath	Cllr. D. Lacey
Comhdháil Bhliantúil A.M.A.I.	13ú - 16ú Meán Fómhair	An Cabhán	Cllrs. D. Lacey, M. McKeon
Rialtas Áitiúil na Seirbhísí Tithíochta	28ú/29ú Aibreán	Rúscaigh	Cllr. L. McCarthy
An tSeirbhís Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil	28ú - 30ú Meán Fómhair	Eochaill	Cllr. M. O'Donovan
Comhdháil Turasóireachta an Chláir	23ú - 25ú Samhain	Inis Díomáin	Cllr. P. Hand
Rialtas Áitiúil & Na hEalaíona	24ú - 26ú Lúnasa	Leitir Ceanainn	Cllr. P. Hand
Kerry Mental Health	26ú/27ú Bealtaine	Cill Airne	Cllrs. T. Smithers, C. Burke
"See the Light"	28ú/29ú Meán Fómhair	An Cabhán	Cllr. C. Keane
"The Cost of Waste Disposal"	4ú/5ú Bealtaine	Carraig Uí Leighin	Cllr. S. Laing
A New Heart for Dublin	20ú Deireadh Fómhair	Baile Átha Cliath	Cllr. W. Hederman

RÁITEAS NA GCUNTAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2006

CAITEACHAS	2006€	2005 €
Tuarastail	189,328.79	189,328.79
Trealamh Oifige	30,577.95	23,292.37
Táillí Poist & Gutháin	13,293.24	12,034.78
Liúntais Bhliantúla (Airt. 34(1)	46,552.29	41,893.71
Liúntais Taistil & Cothabhála:	–	13,267.81
I.Airteagal 34(2)(a)	20,238.47	–
II. Airteagal 34(2)(b)	–	–
III. Foireann	6,869.97	16,812.48
Cíos agus Rátaí	–	–
Ilghnéitheach	103,899.17	53,934.09
Toscaireacht Éireannach Choiste na Réigiún	250,969.48	235,309.50
Oifig Réigiún na hÉireann (IRO)	68,828.70	75,624.72
Tionscadail AE	23,932.77	6,475.76
Tionscadal S2S	39,296.36	66.86
Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	220,105.44	35,873.60
Iomlán an chaiteachais	**1,013,892.63**	**674,477.84**
	€	
FÁLTAIS	**2006 €**	**2005 €**
Ranníocaíocht na nÚdarás Áitiúil	388,008.00	378,772.00
Ranníocaíocht Chomhlachtaí Poiblí	5,000.00	7,500.00
SRanníocaíocht Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir	38,646.77	34,448.82
Eile:	–	–
• RCORAl (Coiste na Réigiún)	317,065.13	100,000.00
• Coiste na Réigiún – ilghnéitheach	5,233.35	1,024.71
• Ilghnéitheach	1,717.55	8,873.24
• Oifig Réigiún na hÉireann	74,498.21	73,401.14
• Ranníocaíochtaí RPG	273,049.65	138,050.00
• RPG Ilghnéitheach	4,439.50	478.50
• Ranníocaíocht S2S	–	–
• Ús Bainc (BoI)	5,432.37	5,247.67
Fáltais iomlán	**1,111,090.53**	**747,796.08**
Barrachas	97,197.90	73,318.24
Iarmhéid Oscailte (Barrachas)	325,738.47	252,420.23
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na bliana (Barrachas)	**422,936.37**	**325,738.47**

DUBLIN
REGIONAL
AUTHORITY
ÚDARÁS
RÉIGIÚNDA
ÁTHA CLIATH